| Príomhoifigeach Cúnta |
|---|
| **Ceannaireacht** |
| • Cuireann go gníomhach le forbairtí straitéisí agus beartais na Roinne/na hEagraíochta<br>• Dírithe agus tiomanta ar ardfheidhmíocht a bhaint amach, pléitear le ceisteanna feidhmíochta de réir mar a tharlaíonn siad<br>• Tugann treoir agus baineann an fiúntas is mó as an fhoireann ina hiomláine<br>• Smaoiníonn sé/sí ar éifeacht thorthaí i dtéarmaí ginearálta seachas ina réimse féin<br>• Sainmhíníonn spriocanna go soiléir agus dáileann freagrachtaí go héifeachtach, spreagtar freagracht as dualgais<br>• Cumas daoine eile a fhorbairt trí aiseolas, cóitseáil agus trí dheiseanna chun scileanna a fhorbairt, a chruthú<br>• Aithníonn sé/sí deiseanna chun slite nua agus nuálacha maidir le seirbhís a sholáthar |
| **Taighde, Anailís agus Cinntí a Dhéanamh** |
| • Déanann sé/sí taighde dúthrachtach agus téann sé/sí i gcomhairle chun gach eolas a bhailiú faoin ábhar<br>• Tuigeann sé/sí ceisteanna casta gan mhoill, glacann sé agus déanann sé measúnú ar shonraí (sonraí uimhriúla san áireamh)<br>• Cuireann sé/sí eolas éagsúil le chéile, aithníonn sé/sí comhchaidreamh agus naisc<br>• Déanann sé/sí cinntí stuama atá soiléir agus le ciall faoi cheisteanna tábhachtacha<br>• Cuireann sé/sí na himpleachtaí, na cláir agus na híogaireachtaí i gcoitinne san áireamh i gcinntí agus ar an éifeacht ar pháirtithe leasmhara éagsúla<br>• Tógann sé/sí seasamh daingean ar cheisteanna a cheapann sé/sí atá tábhachtach |
| **Torthaí a Bhainistiú agus a Sholáthar** |
| • Tógann sé/sí freagracht as obair dhúshlánach agus soláthraíonn sé/sí an obair in am agus ar ardchaighdeán<br>• Déanann sé/sí pleanáil agus tugann sé/sí tosaíocht don obair ó thaobh tábhacht, tréimhse ama agus chonstaicí eile de, athraíonn sé/sí tosaíochtaí de réir mar a athraíonn na cúinsí<br>• Cinntíonn sé/sí go bhfuil seirbhís ar ardchaighdeán agus éifeachtach ar fáil do chustaiméirí sa rannóg<br>• Scrúdaíonn sé/sí ceisteanna féachaint an féidir rudaí a dhéanamh níos fearr<br>• Tá meon oscailte aige/aici maidir le smaointe, tionscnaimh nua agus réitigh chruthaitheacha ar fhadhbanna<br>• Cinntíonn sé/sí go bhfuil bearta rialála agus feidhmíochta in áit chun seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar<br>• Déanann sé/sí bainistíocht éifeachtach ar thionscadail éagsúla |

